



An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service


Teach Cúirte Leitir Ceannain



Tá an Teach Cúirte suite ar láithreán ardaithe timpeall 200 méadar ón bPríomh Shráid i Leitir Ceannain.

Is foirgneamh ceithre stór é le ceithre seomra cúirte, cóiríocht breithiúnach, giúiré, gairmí ar cuairt, coinneála, foirne, poiblí agus coimhdeach. Feastalaíonn sé ar sciathán cóiríocht oifige solúbtha chomh maith.


Tá spásanna carchlós foirne, ionad seirbhísí agus duga vean sábhailte suite ar an mbunúrlar íochtarach.



Téann clós tírdhrechtaithe i dtreo an phríomhbhealach isteach poiblí atá lonnaithe ar bhunúrlar ardaithe. Tarraingíonn aitriam poiblí a nascann an sciathán oifige leis na seirbhísí tacaíochta agus na seomraí cúirte taobh thiar aird ar an bpríomhbhealach isteach seo.

Baintear tairbhe as an solas lae nádúrtha ar bhealach atá íogair d'imeachtaí sna seomraí cúirte ar fad. Tá fuinneoga móra sna hoifigí a thugann radharcanna áille den tírdhrecht uirbeach agus thar Ghleann na Súilí. Tagann neart solas lae nádúrtha isteach i spásanna poiblí eile san fhoirgneamh trí ghloiniú lánairde ar an aghaidh thoir theas agus an aghaidh thiar theas.

Cuireann na gnéithe cloiche agus gloiniú cuasaithe a údáideadh san fhorhalla agus spásanna poiblí go mór le tarraingteacht radhairc na haghaidh agus ag comhcheangal leis an dearadh tírdhreacha. Cruthaíonn sé seo ceangal fiúntach idir foirgneamh sibhialta agus láithreán céime agus cuidíonn sé leis an timpeallacht maguaird a bhogadh agus a fheabhsú. Cuireann an foirgneamh go mór le



baile Leitir Ceannain agus is sainchomhartha é an teach cúirte atá oiriúnach do gach úsáideoir cúirte

Ag taisteal ann

Ar bhus (Bus Éireann)


Bealach 64 ó Shligeach / Bealach 32 ó Bhaile Átha Cliath go Leitir Ceannain. Tá an Stáisiún Bus, Timpeallán Bóthar an Stáisiúin, siúlóid 15 nóiméad chuig an Teach Cúirte. Le haghaidh sonraí amchláir téigh go www.buseireann.ie .

i gCarr

Ó Shligeach: téigh ar an N15 go Bealach Féich, ansin an N13 go Leitir Ceannain. **Ó Bhaile Átha Cliath:** téigh ar an M1 go Lannléire, ansin lean ar an N2 go hAchadh na Cloiche, ansin an A5 go dtí an Srath Bán, ansin as sin an N14 go Leitir Ceannain.

Pairceáil

Níl aon phairceáil ar fáil os comhair theach na cúirte. Tá pairceáil sráide in aice lámhe agus carrchlóis ar fáil sa bhaile.



Fiosruithe

Oifig na Cúirte Leitir Ceannain

Teach na Cúirte, An Bóthar Ard, Leitir
Ceannain, Co. Dún na nGall .

Fón: +353 74 920 6000

Facs: +353 74 960 1531

R-phost: letterkennycourtoffice@courts.ie

Uaireanta oscailte na hOifige:

Dé Luain go dtí an Aoine:

10.00 r.n. - 1.00 i.n.

agus

2.00 i.n. - 4.30 i.n.

Foilsithe ag Oifig Eolais
na Seirbhíse Cúirteanna
Feabhra 2018

téigh go www.courts.ie



An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service